TREORACHA

TREOIR CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/2171 ÓN gCOIMISIÚN

an 7 Nollaig 2021

lena leasaítear Treoir 66/402/CEE ón gComhairle maidir le luchtóg síl agus meáchain shamplacha *Avena nuda*

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 66/402/CEE ón gComhairle an 14 Meitheamh 1966 maidir le síol gránach a mhargú [1], agus go háirithe Airteagal 21a de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir Cur Chun Feidhme (AE) 2021/415 ón gCoimisiún [2] leasaíodh Treoir 66/402/CEE agus mar gheall ar earráid chléireachais, scriosadh ainm an speicis *Avena nuda* ón iontráil sa tríú sraith den chéad cholún den tábla in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 66/402/CEE. Dá thoradh sin, ní rialaítear a thuilleadh meáchan uasta luchtóg síl agus meáchan íosta sampla síl den speiceas *Avena nuda*. Dá bhrí sin, ba cheart ainm scriosta an speicis *Avena nuda* a thabhairt slán.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Treoir 66/402/CEE a leasú dá réir sin.

(3) Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart an dáta trasuite a leagtar amach sa Treoir seo a bheith ag teacht leis an dáta trasuite a leagtar amach i dTreoir Cur Chun Feidhme (AE) 2021/415.

(4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Treoir seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú ar Threoir 66/402/CEE

In Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 66/402/CEE, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála sa tríú sraith den chéad cholún den tábla:

"*Avena nuda, Avena sativa, Avena strigosa, Hordeum vulgare, Triticum aestivum* subsp. *aestivum, Triticum turgidum* subsp. *durum, Triticum aestivum* subsp. *spelta, Secale cereale, xTriticosecale*".

Airteagal 2

Trasuí

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin 31 Eanáir 2022 ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

[1] IO 125, 11.7.1966, lch. 2309.

[2] Treoir Cur Chun Feidhme (AE) 2021/415 ón gCoimisiún an 8 Márta 2021 lena leasaítear Treoracha 66/401/CEE agus 66/402/CEE ón gComhairle chun grúpaí tacsanomaíocha agus ainmneacha speiceas áirithe síolta agus fiailí a oiriúnú don dul chun cinn atá déanta san eolas eolaíoch agus teicniúil (IO L 81, 9.3.2021, lch. 65).

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón 1 Feabhra 2022.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 4

Seolaithe

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 7 Nollaig 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN